# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar 1 (160 marc)**

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **24 marc** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **24 marc** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **12 mharc** |

**24 + 24 + 12 = 60**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra A hAon (Canúint Uladh)

An príomhoide anseo. A scoláirí, tá ár scoil, Coláiste na Carraige, ag glacadh páirte sa scéim *Gaelbhratach* den chéad uair i mbliana. Is é an aidhm atá leis an scéim *Gaelbhratach* ná úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil. Tá fiche scoláire roghnaithe mar bhaill den choiste le haghaidh *Gaelbhratach* agus tá clár imeachtaí leagtha amach acu. I measc na n-imeachtaí a eagrófar, beidh seisiúin chomhrá, tráth na gceist, ceardlanna drámaíochta agus comórtais díospóireachta. Beidh ranganna ceoil ar siúl i Seomra na Gaeilge ag am lóin gach Céadaoin. Coinneoidh an coiste fillteán ina mbeidh tuairiscí ar na himeachtaí a bheidh ar siúl. Tabharfaidh oifigigh ón scéim *Gaelbhratach* trí chuairt ar an scoil i rith na bliana. Le linn na gcuairteanna sin, cuirfidh na hoifigigh agallaimh ar bhaill an choiste agus déanfaidh siad measúnú ar na tuairiscí san fhillteán. Má éiríonn lenár n-iarrachtaí, bronnfar *Gaelbhratach* orainn ag ócáid speisialta i mí na Bealtaine.

### Fógra A Dó (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó stiúrthóir Pháirc an Chrócaigh. Tugaim cuireadh do chuairteoirí lá suimiúil a chaitheamh linn anseo i bPáirc an Chrócaigh. Sna taispeántais sa mhúsaem ar an láthair, foghlaimeoidh an cuairteoir faoi stair ár gcluichí náisiúnta agus faoi ról Chumann Lúthchleas Gael in Éirinn agus thar lear. I Halla na Laochra, beidh an cuairteoir ábalta féachaint ar mhíreanna físe d'imreoirí mór le rá i mbun gaiscí ar an bpáirc imeartha. Is féidir leis an gcuairteoir a scileanna san iománaíocht agus sa pheil Ghaelach a thástáil sa zón idirghníomhach ar an gcéad urlár. Ina dhiaidh sin, tabharfar an cuairteoir ar thuras timpeall na staide agus feicfidh sé na seomraí gléasta, ionad na meán, na hardáin agus an pháirc imeartha. Is féidir ticéid a cheannach agus tuilleadh eolais a fháil ar ár suíomh gréasáin.

## Cuid B

### Comhrá A hAon (Canúint na Mumhan)

**An Chéad Mhír**

**Seán:** Haigh, a Aoife. Aon scéal?

**Aoife:** Bhuel, a Sheáin, fan go gcloise tú. Bhí mé féin agus mo theaghlach ar saoire san Iodáil ag deireadh mhí Iúil. Bhíomar ag tnúth leis an tsaoire le fada ach ní saoire a bhí againn sa deireadh, faraor.

**Seán:** Ó, cén fáth sin, a Aoife?

**Aoife:** Bhuel, a Sheáin, bhí tonn teasa ann ag an am. Bhí teas millteanach ann agus bhí an teocht os cionn daichead céim Celsius gach lá.

**Seán:** Caithfidh gur chuir an tonn teasa sin isteach go mór ar bhur bpleananna don tsaoire.

**Aoife:** Chuir cinnte, a Sheáin. Bhí orainn fanacht taobh istigh i rith an lae. Bhí na hionaid turasóireachta go léir dúnta go dtí an tráthnóna. Cuireadh na turais bháid agus bhus go léir do thurasóirí ar ceal.

**An Dara Mír**

**Seán**: Ó, a Aoife, nach raibh go leor tinte uafásacha san Iodáil de bharr na toinne teasa sin?

**Aoife:** Bhí, a Sheáin, ach ar ámharaí an tsaoil, bhíomarna sábháilte. Cinnte, rinne na tinte uafásacha sin go leor damáiste i gceantair áirithe. Dódh go leor tithe go talamh agus scriosadh a lán feithiclí. Bhí baol sláinte ann ón deatach. B'éigean do dhaoine teitheadh ón dainséar agus cuireadh lóistín ar fáil dóibh in óstáin, i leabharlanna agus i scoileanna.

**Seán:** Bhuel, a Aoife, tá athruithe móra ar na patrúin aimsire ar fud an domhain. Deir na saineolaithe aimsire go bhfuil an Eoraip ag téamh níos tapa ná mór-roinn ar bith eile.

**Aoife:** Féach anseo in Éirinn freisin. Tarlaíonn stoirmeacha, tuilte agus gálaí láidre níos minice sa tír seo anois.

**Seán:** Tá sé thar am againn gníomh fónta a dhéanamh chun an téamh domhanda a mhaolú. Caithfear gearradh siar ar úsáid breoslaí iontaise chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

**Aoife:** Tá an ceart ar fad agat, a Sheáin. Dá luaithe is ea is fearr é.

**Comhrá A Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Peadar:** Dia duit, a Áine, cén chaoi a bhfuil tú? Aon scéal?

**Áine:** Bhuel, a Pheadair, creid é nó ná creid ach chodail mé féin agus grúpa scoláirí ó mo scoil amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir oíche Dé hAoine seo caite.

**Peadar:** Cén fáth ar chodail sibh taobh amuigh?

**Áine:** Bhíomar ag glacadh páirte i bhfeachtas bliantúil a eagraíonn an carthanas *Focus Ireland.* Mar chuid den fheachtas, codlaíonn daoine taobh amuigh chun aird a tharraingt ar chás na ndaoine gan dídean agus chun airgead a bhailiú le seirbhísí a chur ar fáil dóibh.

**Peadar:** Maith sibh! Is fiú go mór an feachtas sin. Is minic a léim tuairiscí ar líne faoi ghanntanas tithe, faoi dhaoine ina gcónaí i lóistín éigeandála agus faoi dhaoine atá i mbaol a dtithe a chailleadh.

**Áine:** Is bocht an scéal é. Tá múinteoir Béarla sa scoil againn agus oibríonn sí go deonach le *Focus Ireland*. Thug sí caint do na scoláirí sa séú bliain le déanaí faoin dea-obair go léir a dhéanann an carthanas chun tacú leo siúd atá ag streachailt.

**An Dara Mír**

**Peadar:** Inis dom faoin oíche sin a chaith sibh amuigh mar chuid den fheachtas.

**Áine:** Bhailíomar le chéile san ionad siopadóireachta ag leathuair tar éis a ceathair agus bhí boscaí bailiúcháin linn. Mhíníomar do dhaoine cad a bhí ar siúl againn agus thug siad airgead dúinn. Ansin, nuair a dúnadh na siopaí, bhogamar go dtí an carrchlós chun muid féin a réiteach le haghaidh na hoíche. Luíomar ar an talamh ar phíosaí cairtchláir inár málaí codlata.

**Peadar:** Agus ar chodail tú?

**Áine:** Ní bhfuair mé mórán codlata le bheith fírinneach leat, a Pheadair. Bhí an talamh crua fúm agus bhí mé préachta leis an bhfuacht.

**Peadar:** Cad iad na ceachtanna a d'fhoghlaim tú ón oíche a chodail tú amuigh?

**Áine:** D'fhoghlaim mé go bhfuil daoine níos measa as ná mise. Tá an t-ádh liom díon a bheith os mo chionn. Agus rud eile, tá flaithiúlacht ag baint le go leor daoine sa bhaile mór seo.

**Peadar:** Cé mhéad airgid a bhailigh sibh don charthanas *Focus Ireland*?

**Áine:** Bhailíomar míle trí chéad euro ar fad dóibh.

**Peadar:** Tá ardmholadh tuillte agaibh go léir, a Áine.

## Cuid C

### Píosa A hAon (Canúint Uladh)

D’eagraigh an grúpa *Sábháilteacht ar Líne do Pháistí* tionscnamh speisialta i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Mar chuid den tionscnamh speisialta seo, iarradh ar dhaoine a ngléasanna digiteacha a mhúchadh ar feadh ceithre uair an chloig is fiche. Thug an dúshlán seo deis do dhaoine sos iomlán a ghlacadh ón saol ar líne agus taitneamh a bhaint as caithimh aimsire eile. Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go gcaitheann líon ard daoine an iomarca ama ar na meáin shóisialta agus go mbíonn sé deacair orthu a gcuid ama ar líne a bhainistiú.

### Píosa A Dó (Canúint na Mumhan)

Bhuaigh an tsraith theilifíse *Bláth na hÓige* Gradam Cumarsáide an Oireachtais do shraith theilifíse na bliana anuraidh. Seacht gclár a bhí sa tsraith theilifíse *Bláth na hÓige* agus craoladh an chéad chlár ar TG4 i mí Aibreáin. Sa tsraith seo, tháinig ochtar ceoltóirí agus amhránaithe óga le chéile chun cóiriú nua-aimseartha a dhéanamh ar amhráin ar an sean-nós. Ba í an t-amhránaí cáiliúil Síle Denvir agus an veidhleadóir Colm Mac Con Iomaire a stiúir an dream óg agus iad ag cleachtadh agus ag cruthú le chéile i Stiúideo Cuan i gConamara.

## Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| [0] | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**Nóta:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.

### *Cuid A (24 marc)*

**FÓGRA A hAON (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén duine i gColáiste na Carraige atá ag labhairt leis na scoláirí san fhógra seo? **3 mharc**

(An) príomhoide = 3 mharc

**(b)** Cé mhéad scoláire atá roghnaithe mar bhaill den choiste le haghaidh *Gaelbhratach*? **3 mharc**

20 = 3 mharc
Fiche = 3 mharc

**2.** **(a)** Cad a bheidh ar siúl i Seomra na Gaeilge ag am lóin gach Céadaoin? **3 mharc**

Rang(anna) ceoil = 3 mharc
Rang(anna) = 1 mharc
Ceol = 2 mharc

**(b)** Cathain a bhronnfar *Gaelbhratach* ar an scoil má éiríonn lena n-iarrachtaí? **3 mharc**

(I) mí na Bealtaine = 3 mharc
Bealtaine = 3 mharc

**FÓGRA A DÓ (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén stiúrthóir a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

Páirc an Chrócaigh = 3 mharc

**(b)** Cén áit sa mhúsaem a mbeidh an cuairteoir ábalta féachaint ar mhíreanna físe d'imreoirí mór le rá i mbun gaiscí ar an bpáirc imeartha? **3 mharc**

Halla na Laochra = 3 mharc
Halla = 2 mharc

**2.** Luaigh **dhá** áit a fheicfidh an cuairteoir ar an turas timpeall na staide. **3 mharc + 3 mharc**

Na seomraí gléasta = 3 mharc
Ionad na meán = 3 mharc
Na hardáin = 3 mharc
An pháirc (imeartha) = 3 mharc
Seomraí = 2 mharc
Ionad = 2 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén tír ina raibh Aoife agus a teaghlach ar saoire? **3 mharc**

Iodáil = 3 mharc

**2.** Cad a dúirt Aoife faoi na hionaid turasóireachta go léir? **3 mharc**

Dúnta go dtí an tráthnóna = 3 mharc
Dúnta = 2 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos áit **amháin** inar cuireadh lóistín ar fáil do dhaoine a theith ó dhainséar. **3 mharc**

Óstá(i)n = 3 mharc
Leabharlann(a) = 3 mharc
Scoil(eanna) = 3 mharc

**2.** Luaigh cineál **amháin** aimsire a tharlaíonn níos minice sa tír seo anois. **3 mharc**

Stoirm(eacha) = 3 mharc
Tuil(t)e = 3 mharc
Gála(í) = 3 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén áit sa bhaile mór ar chodail Áine agus grúpa scoláirí óna scoil amuigh? **3 mharc**

I gcarrchlós/carrchlós = 3 mharc

**2.** Cén duine i scoil Áine a oibríonn go deonach le *Focus Ireland*? **3 mharc**

Múinteoir Béarla = 3 mharc
Múinteoir = 2 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cár bhailigh Áine agus an grúpa scoláirí óna scoil le chéile ag leathuair tar éis a ceathair? **3 mharc**

San ionad siopadóireachta = 3 mharc
Ionad = 2 mharc

**2.** Cé mhéad airgid a bhailigh Áine agus an grúpa scoláirí óna scoil don charthanas *Focus Ireland*? **3 mharc**

(€)1300 = 3 mharc
Míle trí chéad (euro) = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cathain a d'eagraigh an grúpa *Sábháilteacht ar Líne do Pháistí* an tionscnamh speisialta? **3 mharc**

(Mí) D(h)eireadh Fómhair seo caite = 3 mharc
Deireadh Fómhair seo caite = 3 mharc
(Mí) D(h)eireadh Fómhair/Deireadh Fómhair = 3 mharc

**2.** Cad air a gcaitheann líon ard daoine an iomarca ama de réir taighde a rinneadh le déanaí? **3 mharc**

Na meáin shóisialta = 3 mharc
Ar líne = 3 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cé mhéad clár a bhí sa tsraith theilifíse *Bláth na hÓige*? **3 mharc**

Seacht = 3 mharc
7 = 3 mharc

**2.** Cá bhfuil Stiúideo Cuan? **3 mharc**

I gConamara = 3 mharc
Conamara = 3 mharc

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/ Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ábhartha agus bainteach leis an teideal.**

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

# Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Cumas agus Cruinneas Gaeilge ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas |
|  | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| **M** | Míléamh | Easpa ceangail ag an ábhar atá scríofa leis an teideal |
| **F1** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (8-11 líne i gcás A, B agus D agus 6-8 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F2** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (4-7 líne i gcás A, B agus D agus 3-5 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F3** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (1-3 líne i gcás A, B agus D agus 1-2 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **X** | Crosáil/X | X in aice le gach píosa/ag bun gach píosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |

| Réimse | | | Catagóir | 40 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

| Réimse | Catagóir | 40 | 36 | 30 | 20 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombailí** | | | **M** | **F1** | **F2** | **F3** |
| **Sármhaith** | Ard | 38 | 34 | 29 | 19 | 10 |
| | Meánach | 36 | 32 | 27 | 18 | 9 |
| | Íseal | 34 | 31 | 26 | 17 | 9 |
| | | | | | | |
| **An-mhaith** | Ard | 32 | 29 | 24 | 16 | 8 |
| | Meánach | 30 | 27 | 23 | 15 | 8 |
| | Íseal | 28 | 25 | 21 | 14 | 7 |
| | | | | | | |
| **Maith** | Ard | 26 | 23 | 20 | 13 | 7 |
| | Meánach | 24 | 22 | 18 | 12 | 6 |
| | Íseal | 22 | 20 | 17 | 11 | 6 |
| | | | | | | |
| **Maith go leor** | Ard | 20 | 18 | 15 | 10 | 5 |
| | Meánach | 18 | 16 | 14 | 9 | 5 |
| | Íseal | 16 | 14 | 12 | 8 | 4 |
| | | | | | | |
| **Lag** | Ard | 14 | 13 | 11 | 7 | 4 |
| | Meánach | 12 | 11 | 9 | 6 | 3 |
| | Íseal | 10 | 9 | 8 | 5 | 3 |
| | | | | | | |
| **An-lag** | Ard | 8 | 7 | 6 | 4 | 2 |
| | Meánach | 6 | 5 | 5 | 3 | 2 |
| | Íseal | 4 | 4 | 3 | 2 | 1 |
| | | | | | | |
| **Easnamhach** | | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 |

**Páipéar 2 (200 marc)**

## CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O (i mbosca) | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Abairt(í) iomarcach(a) |
| ^ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |

**Nóta:** Ba cheart na siombailí anótála a bhfuil marcanna ag gabháil leo a chur gar don eolas ceart sa fhreagra.

**A – (50 marc)**

## Oileán agus Ionad an Bhlascaoid Mhóir

**Nóta**: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cén fáth ar osclaíodh Ionad an Bhlascaoid Mhóir? (Alt 1) **5 mharc**

- Chun scéal mhuintir na mBlascaodaí suas go dtí lár an fichiú haois a insint = 5 mharc
- Chun scéal mhuintir na mBlascaodaí a insint = 5 mharc

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin ardán féachana atá suite ar shuíomh an ionaid. (Alt 1)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tá ardán féachana suite ar bharr aille
- Is féidir le cuairteoirí radhairc iontacha a fháil ón ardán ar na Blascaodaí agus ar chósta an Atlantaigh = 2 phíosa eolais = 3 mharc + 2 mharc
- Is féidir le cuairteoirí radhairc iontacha a fháil ón ardán ar na Blascaodaí
- Is féidir le cuairteoirí radhairc iontacha a fháil ón ardán ar chósta an Atlantaigh

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** chineál oibre a bhíodh ar siúl ag na fir. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chineál oibre atá ceart = **3** mharc; an dara cineál oibre atá ceart = **2** mharc

- Bhíodh na fir amuigh sna naomhóga ag iascaireacht
- Bhíodh na fir ag iascaireacht
- Chuireadh na fir prátaí
- Bhaineadh siad an mhóin

(b) Cén nós a bhíodh ag muintir an oileáin sna hoícheanta? (Alt 2) **5 mharc**

- Bailiú le chéile i gceann de na tithe ag insint scéalta nó ag seinm ceoil = 5 mharc
- Bailiú le chéile i gceann de na tithe = 3 mharc

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** bhealach a gcuireadh cúrsaí aimsire isteach ar mhuintir an Bhlascaoid Mhóir. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad bhealach atá ceart = **3** mharc; an dara bealach atá ceart = **2** mharc

- Bhíodh na hoileánaigh scartha ón mórthír ar feadh tréimhsí in amanna nuair a bhíodh drochaimsir ann
- (Ní raibh aon dochtúir ar an oileán agus) bhíodh siad fágtha gan cúram sláinte le linn stoirmeacha
- Ní raibh siopa dá gcuid féin* acu ach an oiread, rud a d’fhág nach mbíodh fáil acu ar sheirbhísí riachtanacha uaireanta nuair a bhíodh drochaimsir ann
- Ní bhíodh fáil acu ar sheirbhísí riachtanacha uaireanta nuair a bhíodh drochaimsir ann

**Nóta*: Glac leis an abairt seo mura bhfuil an focal ‘féin’ inti.*

(b) Tabhair **dhá** fháth ar fhág na daoine óga an Blascaod Mór. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad fháth atá ceart = **3** mharc; an dara fáth atá ceart = **2** mharc

- Fuair aos óg an oileáin cuntais ar an saol taobh amuigh den oileán (ó na cuairteoirí sin)
- Ní raibh na daoine óga sásta cur suas a thuilleadh leis an saol dian ar an oileán
- D'fhág siad é chun saol níos fearr a lorg (ar an mórthír)
- D'fhág siad é chun dul ar imirce (go Meiriceá)

**4.** (a) Cén fáth a raibh an lucht léinn ón iasacht tábhachtach? (Alt 4) **5 mharc**

- Thuig siad go raibh an seansaol ar an oileán ag fáil bháis agus mhol siad do mhuintir an oileáin scéal a mbeatha a bhreacadh síos = 5 mharc
- Thuig siad go raibh an seansaol ar an oileán ag fáil bháis = 3 mharc
- Mhol siad do mhuintir an oileáin scéal a mbeatha a bhreacadh síos = 3 mharc

(b) Cén oidhreacht is tábhachtaí a d'fhág Peig Sayers ina diaidh? (Alt 4) **5 mharc**

- An cnuasach mór scéalta seanchais agus amhrán (a bailíodh uaithi) = 5 mharc
- An cnuasach mór scéalta seanchais = 3 mharc
- An cnuasach mór amhrán = 3 mharc

**5.** (a) Cad a dúirt an tUasal Leo Varadkar ina óráid in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i mí Mheán Fómhair seo caite? (Alt 5) **5 mharc**

- Go bhfuil sé tábhachtach an Blascaod Mór a chaomhnú mar láthair thurasóireachta = 5 mharc
- Go bhfuil sé tábhachtach an Blascaod Mór a chaomhnú = 3 mharc

(b) Cén plean atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair? (Alt 5) **5 mharc**

- Chun an ché a dhéanamh níos sábháilte = 5 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**B – (50 marc)**

## Mearfhaisean

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cad is brí leis an téarma 'mearfhaisean'? (Alt 1) **5 mharc**

- Stíleanna nua éadaí a chuirtear ar fáil go tapa ar phraghsanna atá an-íseal = 5 mharc
- Stíleanna nua éadaí a chuirtear ar fáil go tapa = 3 mharc
- Stíleanna nua éadaí a chuirtear ar fáil ar phraghsanna atá an-íseal = 3 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi na héadaí a dhéantar i dtionscal an mhearfhaisin. (Alt 1)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais = **3** mharc; an dara píosa eolais = **2** mharc

- Ní bhíonn na héadaí a dhéantar i dtionscal an mhearfhaisin ar ardchaighdeán
- Ní mhaireann siad rófhada
- Caitear amach iad nuair a théann siad as faisean

**2.** (a) Cad a dhéanann déantóirí an mhearfhaisin go luath i ndiaidh na seónna móra faisin? (Alt 2)
**5 mharc**

- Cuireann déantóirí an mhearfhaisin na stíleanna céanna éadaí ar díol i siopaí na mórshráide/ar líne = 5 mharc
- Cuireann déantóirí an mhearfhaisin na stíleanna céanna éadaí ar díol = 3 mharc

(b) Luaigh an **dá** rud a tharlaíonn mar chuid den chomhoibriú idir branda éadaí agus tionchaire faisin. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Cuireann an tionchaire stíleanna éadaí ar leith chun cinn
- Spreagtar leantóirí an tionchaire sin chun na héadaí sin a cheannach

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a léiríonn go gcaitear go dona leis na hoibrithe sna monarchana mearfhaisin go minic. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Íoctar pá íseal leo
- Oibríonn siad uaireanta fada
- Bíonn na coinníollacha oibre dainséarach (go minic)

**Nóta:** Tá gá leis an aidiacht (íseal, fada nó dainséarach) i ngach cás chun marc(anna) a bhronnadh. Gan aidiacht chuí sa phíosa eolais, ní bhronntar aon mharc ar an bpíosa eolais áirithe sin.

(b) Tabhair **dhá** shlí a ndéanann tionscal an mhearfhaisin dochar don timpeallacht. (Alt 3)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad slí atá ceart = **3** mharc; an dara slí atá ceart = **2** mharc

- Déantar cuid mhaith de na héadaí as níolón **nó** déantar cuid mhaith de na héadaí as poileistear **nó** déantar cuid mhaith de na héadaí as fabraic(í) atá dian ar an timpeallacht
- Tá tionscal an mhearfhaisin ag truailliú an uisce (le micreaphlaistigh)
- Úsáidtear na mílte lítear uisce chun éadaí a dhéanamh
- Iompraítear na héadaí chuig na siopaí ar fud an domhain ar eitleáin/ar longa (agus déanann na modhanna taistil sin dochar don timpeallacht)
- Cuirtear na mílte tonna éadaí chuig láithreáin líonta talún

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a mholtar do dhaoine a dhéanamh chun an méid dochair atá a nósanna faisin ag déanamh don timpeallacht a laghdú. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Moltar gan éadaí a cheannach ach amháin nuair is gá
- Moltar fabraic orgánach nó nádúrtha a roghnú (nach mbaintear úsáid as ceimiceáin chun í a dhéanamh)

(b) Cén sórt duine a roghnaíodh do gach clár sa tsraith *Éadaí SOS*? (Alt 4) **5 mharc**

- Duine a bhí gafa le mearfhaisean, a raibh a vardrús lán go doras agus nós ag an duine feisteas nua a cheannach do gach ócáid = 5 mharc
- Duine a bhí gafa le mearfhaisean, a raibh a vardrús lán go doras = 5 mharc
- Duine a bhí gafa le mearfhaisean agus nós ag an duine feisteas nua a cheannach do gach ócáid = 5 mharc
- Duine a bhí gafa le mearfhaisean = 3 mharc

**5.** (a) Tabhair an **dá** bhuntáiste a bhaineann le héadaí athláimhe a cheannach ar *www.thriftify.ie*. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhuntáiste atá ceart = **3** mharc; an dara buntáiste atá ceart = **2** mharc

- Is seirbhís ar líne é an suíomh siopadóireachta *www.thriftify.ie* a chabhraíonn le siopaí carthanais a gcuid earraí, (éadaí athláimhe ina measc,) a dhíol (ar líne)
- Cabhraíonn *www.thriftify.ie* le siopaí carthanais a gcuid earraí a dhíol (ar líne)
- Tugtar an brabús do charthanais (a dhéanann dea-obair ar son na ndaoine a bhíonn ar an ngannchuid)
- Úsáideann an tseirbhís pacáistiú nach ndéanann dochar don timpeallacht

(b) Cad a iarrtar ar dhearthóirí óga a dhéanamh chun cur isteach ar an gcomórtas *Junk Kouture*? (Alt 5) **5 mharc**

- Feisteas (ealaíonta) a dhearadh agus a chruthú as earraí athchúrsáilte = 5 mharc
- Feisteas (ealaíonta) a dhearadh as earraí athchúrsáilte = 3 mharc
- Feisteas (ealaíonta) a chruthú as earraí athchúrsáilte = 3 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

# Roinn na Litríochta: Na Siombailí Anótála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| [O] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| — | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Dís** (**25** marc)

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

(i) Luaigh **dhá** chúis a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil. (**5** mharc)
**Dhá** chúis = **3** mharc + **2** mharc

**Cúiseanna samplacha:**

- Bhí an bhean chéile ag iarraidh ar Sheán an páipéar a chur síos
- Bhí an bhean chéile ag iarraidh ar Sheán labhairt léi
- Ní raibh fonn cainte ar Sheán
- B'fhearr leis an páipéar a léamh
- Cheap sí nach raibh Seán ag éisteacht léi
- Bhí sé ag léamh an pháipéir
- Dúirt sé 'hu' léi
- Cheap sí go raibh an páipéar níos tábhachtaí do Sheán ná í féin
- Níor thuig sé go raibh an lá caite ag a bhean ag obair sa teach
- B'fhearr leis suí cois tine

(ii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar? (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- An ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona/míshásta

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi bhean an tsuirbhé. (**5** mharc)
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Bhí sí pósta le dhá bhliain
- Ag fanacht in árasán
- Ba mhaith léi teach a cheannach
- Í ag súil le leanbh
- Ní thabharfaidh úinéir an árasáin cead dóibh fanacht san árasán sin nuair a thiocfaidh an leanbh ar an saol
- Í féin agus a fear céile ag obair chun airgead tí a sholáthar
- Bhí cupán caife ag bean Sheáin le bean an tsuirbhé an mhaidin sin
- Jab aici ag déanamh suirbhéanna
- Dúirt bean an tsuirbhé go mbeadh sí ag dul ar saoire mháithreachais
- Dúirt sí go mbeadh sí i dteagmháil le bean Sheáin mí roimh ré
- Bhí deich mí imithe agus níor chuir sí aon scéal chuig bean Sheáin

(iv) Cén plean a bhí ag bean Sheáin dá leanbh féin agus í ag déanamh ionadaíochta do bhean an tsuirbhé? (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Tabharfaidh sí an leanbh léi
- Tabharfaidh sí an leanbh léi sa bhascaed i gcúl an chairr
- Tabharfaidh sí an leanbh léi ina baclainn má bhíonn sé dúisithe

(v) Ar thaitin Seán leat sa ghearrscéal seo?
Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra. (**5** mharc)

Thaitin/Níor thaitin = **1** mharc
**Dhá** fháth = **2** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

**Thaitin:** Bhí trua agam dó mar gur thug a bhean chéile eolas príobháideach do bhean an tsuirbhé…
D'inis a bhean bréaga do bhean an tsuirbhé…í mímhacánta le Seán…
Bhí sé deacair a bhean chéile a shásamh…ní raibh uirthi dul amach ag obair…

**Níor thaitin:** Bhí sé drochbhéasach nuair a tháinig sé abhaile…
Bhí fonn air an páipéar a léamh agus a bhean chéile ag iarraidh labhairt leis…
Níor theastaigh uaidh comhrá a dhéanamh lena bhean chéile…
Ní raibh meas aige ar an obair tí a rinne sí…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Oisín i dTír na nÓg** (**25** marc)

Freagair na ceisteanna faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin eachtra a tharla i nGleann na Smól. (**5** mharc)
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí trí chéad fear ann ag baint cloiche
- Bhí cuid de na fir ag iarraidh leac mhór a ardú
- Ní raibh siad ábalta an leac mhór a ardú
- Lorg siad cabhair ó Oisín
- Rug Oisín ar an gcloch mhór
- Chaith sé uaidh í
- Bhris giorta an chapaill
- Thit Oisín den chapall agus fágadh é ina sheanduine/bocht/dall/gan bhrí/gan mheabhair
- D'imigh an capall/an t-each bán

(ii) Cén fáth ar tháinig Niamh Chinn Óir go hÉirinn? (**5** mharc)

**Freagaí samplacha:**

- Tháinig Niamh go hÉirinn mar bhí grá aici d'Oisín
- Thug Niamh grá éagmaise d'Oisín as an méid a chuala sí i dTír na nÓg (faoina phearsa agus faoina mhéin)
- Ba mhaith le Niamh geasa a chur ar Oisín chun é a mhealladh léi go Tír na nÓg
- Ba mhaith le Niamh Oisín a mhealladh léi go Tír na nÓg

(iii) Cén fáth a raibh brón ar Oisín agus é ag imeacht le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg? (**5** mharc)

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí brón air ag fágáil slán lena athair
- Bhí brón air ag fágáil slán leis na Fianna
- Bhí sé ag casadh a chúil ar an saol a bhíodh aige
- Ní bheadh sé ag ól/ag éisteacht le ceol/ag bronnadh séad/ag imirt fichille/ag sealgaireacht/ag troid

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin saol a bhí ag Oisín agus ag Niamh Chinn Óir i dTír na nÓg. (**5** mharc)

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí saol aoibhinn acu
- Bhí Oisín agus Niamh Chinn Óir pósta
- Mhair siad go sona sásta
- Níor tháinig meath orthu
- Níor éirigh siad sean
- Bhí flúirse de gach rud acu
- Bhí beirt mhac agus iníon/triúr páistí acu
- Bhí fleá agus féasta acu (a mhair deich lá agus deich n-oíche i ndún an rí)
- Bhuail siad le Rí agus Banríon Thír na nÓg
- Bhraith Oisín uaigneach agus theastaigh uaidh fillleadh ar Éirinn
- Thug Niamh trí rabhadh d'Oisín agus é ag fágáil Thír na nÓg

(v) Tabhair **dhá** rud a thaispeáin go raibh Naomh Pádraig cineálta le hOisín i ndeireadh a shaoil. (**5** mharc)

**Dhá** rud = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Choinnigh sé é ar a theaghlach
- Thug sé leis é ar thurais ar fud na hÉireann
- Thug sé bia dó
- Thug sé leaba dó
- Mhúin sé soiscéal Dé dó
- D'éist Naomh Pádraig le scéal Oisín

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Freagair an cheist faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis** (**25** marc)

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn sa charráiste traenach ón uair a théann an fear dall, Paul, ar bord na traenach go dtí deireadh an scannáin.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**
- Tagann Paul isteach go torannach
- Suíonn sé síos trasna ó Catherine
- Níl Catherine sásta
- Ba mhaith léi a leabhar grá a léamh
- Tá ciúnas ag teastáil uaithi
- Leanann sé ar aghaidh ag insint an scéil faoin asma a bhí air le blianta
- Míníonn Paul do Catherine go raibh sé ar an raidió ag caint faoin asma
- Tá cuma chrosta ar Catherine toisc nach stopann Paul ag caint
- Níl Catherine in ann a leabhar grá a léamh
- Iarrann Paul ar Catherine ceist a chur air faoi na radhairc atá taobh amuigh den fhuinneog
- Freagraíonn Paul i gceart ach deir Catherine leis go bhfuil dul amú air
- Deir sí leis go bhfuil loch agus báid taobh amuigh den fhuinneog
- Tá Paul trína chéile ar fad
- Nuair a fhaigheann Paul an caife ón bhfreastalaí, diúltaíonn Catherine an siúcra a chur isteach sa chaife dó
- Is fuath le Catherine Paul nuair a dhéanann sé torann agus é ag ithe agus ag ól
- Deir Catherine go bhfuil péist sa cháca atá á ithe aige
- Iarrann sé análóir uirthi ach tógann Catherine é
- Cuireann sí síos ar an mbord é ach ní féidir le Paul breith air
- Titeann Paul i laige
- Fágann Catherine Paul chun bás a fháil agus fágann sí an traein

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**nó**

**An Lasair Choille** (**25** marc)

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a thagann Míoda isteach i dteach Mhicil go dtí deireadh an dráma.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**
- Tá ocras ar Mhíoda agus níor ith sí aon rud le dhá lá/d'iarr sí bia ar Shéamas
- Tá tuirse ar Mhíoda agus níor chodail sí le dhá lá
- Ligeann Míoda uirthi gur Iníon Iarla Chonnacht í agus go bhfuil saoirse uaithi óna hathair
- Tá áthas ar Shéamas agus cuireann sé fáilte mhór roimh Mhíoda
- Ní chreideann Micil scéal Mhíoda agus deir sé le Séamas í a chaitheamh amach as an teach
- Ba mhaith léi dul go Sasana le Séamas mar mothaíonn sé cosúil le príosúnach agus ba mhaith leis saoirse a fháil

- Ba bhreá le Séamas dul go Sasana le Míoda ach níl fonn air Micil a fhágáil ina aonar
- Tagann fear chuig an teach ag lorg Mhíoda…tuigeann Séamas ansin nach raibh sí ag insint na fírinne faoina saol
- Tosaíonn Míoda ag maslú Shéamais
- Geallann Micil an teach agus an talamh do Shéamas mar ní bheidh aon duine ann chun aire a thabhairt dó
- Cé go gcuireann an cailín dallamullóg ar Shéamas, osclaíonn sí a shúile dó
- Nuair a ligeann Séamas Binncheol saor, tosaíonn an t-éan ag canadh
- Tá tuiscint ag Séamas ar shaoirse anois

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal. (**25** marc)

An príomhthéama a lua = **1** mharc
Na heachtraí is mó = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile) (**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an ghearrscéil **= 1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
Na heachtraí is mó = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile) (**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scéil béaloidis = **2** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin. (**23** marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc

**5** phointe eolais ag teastáil

(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile) (**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

Teideal an scannáin = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin. (**23** marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc
**5** phointe eolais ag teastáil

(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile) (**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

Teideal an dráma = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Colscaradh** (**25** marc)

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin sórt saoil phósta a theastaíonn ón bhfear i véarsa a haon den dán. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ba mhaith leis cónaí le bean in aice lena mhuintir féin…
- Ba mhaith leis saol compordach/compord a bheith aige sa teach…
- Ba mhaith leis saol grámhar sa teach…
- Ba mhaith leis saol sona agus iad ag tógáil na bpáistí…
- Teastaíonn saol/pósadh traidisiúnta ón bhfear…
- Tá páistí uaidh…

**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** rud a theastaíonn ón mbean ina saol pósta i véarsa a dó. (**8** marc)

**Dhá** rud = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Teastaíonn pósadh nua-aimseartha uaithi…
- Tá neamhspleáchas (sa phósadh) ag teastáil uaithi…
- Ba mhaith léi leath den chumhacht/den údarás sa teach/go mbeadh a cuid airgid féin aici/leath den saibhreas…
- Ba mhaith léi teach/grá/dul ar saoire thar lear/go mbeadh meas ag gach duine uirthi/ a bheith sona sásta…

**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (**9** marc)

An mothúchán a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **4** mharc + **4** mharc

**An mothúchán**: Dóchas, grá, brón, uaigneas, díomá…
**Samplaí**: Tá dóchas sa dán…bhí saol sona ag teastáil ón bhfear agus ón mbean nuair a phós siad…
Tá grá sa dán…bhí an fear agus an bhean ag lorg grá ach bhí siad an-difriúil…
Tá brón sa dán…ní raibh siad ábalta fanacht pósta…bhí rudaí difriúla ag teastáil uathu…

Tá uaigneas sa dán…tá uaigneas ar an mbeirt anois mar scar siad…
Tá díomá sa dán…tá díomá ar an mbeirt mar theip ar an bpósadh….

**Nóta:** An mothúchán luaite agus línte cuí as an dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra
= **1** mharc + **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

(b) **An Spailpín Fánach**

(i) (a) Cad a dhéanann an spailpín 'go moch ar maidin' i véarsa a haon? (**2** mharc)
**Freagraí:** 'ag siúl an drúchta'**…**'ag bailiú galair ráithe'…ag siúl ar an bhféar fliuch ar maidin…éiríonn sé tinn…

(b) Cad a dhéanfaidh an spailpín nuair a éireoidh sé as obair an spailpín i véarsa a haon? (**2** mharc)
**Freagraí: '**glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*'…rachaidh sé ag troid leis na *croppies*…

(c) Céard a dhéanadh an spailpín i gCarraig na Siúire i véarsa a dó? (**2** mharc)
**Freagraí:** 'do ghearrainn cúrsa leathan láidir'…ghearr sé/bhain sé an féar…

(d) Cad a deir na daoine i nDurlas nuair a fheiceann siad an spailpín i véarsa a dó? (**2** mharc)
**Freagraí:** 'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'…tá an spailpín fánach ag teacht…

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi mhargadh na saoire i véarsa a trí. (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** Bíonn margadh na saoire ar siúl i gCaiseal…bíonn an spailpín ina shuí in aice leis an mballa…tagann na feirmeoirí móra…tagann siad ar na capaill…bíonn siad ag lorg oibrithe…cuireann siad ceist air an bhfuil sé fostaithe…imíonn an spailpín leis an bhfeirmeoir mór…

**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a trí gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Cén saghas duine é an spailpín, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

An saghas duine = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**An saghas duine**: Bródúil…láidir…oibrí maith…brónach…díoltasach…dóchasach…grá dá thír...
**Fáthanna samplacha**:

- Tá sé brónach mar níl aon obair aige agus bíonn sé tinn go minic…
- Tá sé láidir mar rachaidh sé ag troid…
- Tá sé díoltasach mar is fuath leis na Sasanaigh…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) Géibheann**

(i) Scríobh síos, **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin gcineál saoil a bhí ag an ainmhí sna línte 1-8 den dán. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ainmhí fiáin a bhí i gceist
- Bhí cónaí air sna trópaicí
- Bhí clú agus cáil ar áilleacht an ainmhí
- Bhí clú agus cáil ar an ainmhí
- Bhí an t-ainmhí go hálainn
- Bhí fuinneamh ann
- Bhí sé láidir
- Ainmhí bródúil ba ea é
- Ainmhí cumhachtach a bhí ann
- Bhí sé lán de spiorad
- Bhí sé ábalta crainn na foraoise a luascadh (lena bhúir)
- Bhí sé ina chónaí sna teochreasa
- Bhí sé saor
- Bhí spás aige
- Bhí meas ag daoine air

**Nóta:** Línte cuí díreach as línte 1-8 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 9-17 den dán. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

- Níl an t-ainmhí sásta lena shaol anois/tá brón air
- Níl sé saor anois
- Tá sé gafa sa zú
- Tá an t-ainmhí ag féachaint ar chrann amháin os a chomhair amach
- Tá sé lag/gan fuinneamh
- Tá sé ina luí ar an talamh
- Tagann a lán daoine gach lá ag féachaint air
- Ní ligeann na daoine an t-ainmhí amach

**Nóta:** Línte cuí díreach as línte 9-17 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)
Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:**
**Is maith:** Is maith liom an dá phictiúr den ainmhí atá tugtha dúinn sa dán…is maith liom an téama…na difríochtaí idir an t-ainmhí saor agus anois, tá frustrachas air/tá sé in ísle brí sa zú… is maith liom na híomhánna sa dán…is dán simplí é…

**Ní maith:** Tá trua agam don ainmhí…níl an t-ainmhí sásta…tagann cuairteoirí lá i ndiaidh lae ag féachaint air…níl aon duine sásta é a ligean saor…níl ann ach taispeántas anois…tá an saol sa zú mínádúrtha d'ainmhí fiáin mar é…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)

**Dhá** phríomhsmaoineamh = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file sa dán seo.
Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin,** faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin. (**7** marc)

Íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (**7** marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

An príomhthéama = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh an íomhá (an pictiúr) is fearr leat sa dán.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is fearr leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**7** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal. Is ceart na mórbhotúin sin a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM**' a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| **Aicme** | **Cur síos ar chatagóirí** | **Marc as 40** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |